**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-3.30**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| SCRÚDUIMHIR | |
|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 SA FHREAGARLEABHAR AR LEITH.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir, **A1**, **A2, B** agus **C**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚIR A1 AGUS A2**

***Taispeánann pictiúir A1 agus A2*** *seandálaithe ag obair.*

(i) Tabhair píosa **amháin** fianaise ó phictiúr A1 a thaispeánann go bhfuil na seandálaithe ag obair go cúramach.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (3)

(ii) Cén obair atá ar bun ag an seandálaí i bpictiúr A2?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (3)

(iii) Conas a shocraíonn seandálaithe cá rachaidh siad ag tochailt?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (4)

(iv) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo ón tseandálaíocht agus mínigh é:

*Dátú carbóin* ☐ *Déantán* ☐ *Croineolaíocht* ☐

……………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………(4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Taispeánann* ***Pictiúr B*** *póstaer polaitíochta. Léiríonn an bhean ar chlé Éire neamhspleách. Léiríonn an bhean ar dheis Éire faoi riail na Breataine.*

(i) De réir an phóstaeir, conas a bhí Éire agus í faoi riail na Breataine?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (3)

(ii) Cén fáth, dar leat, ar úsáid an t-ealaíontóir Gaeilge seachas Béarla chun cur síos a dhéanamh ar an mbean ar chlé?

…………………………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………………………. (3)

(iii) Luaigh bealach **amháin** inar athraigh an saol i gcathracha in Éirinn le linn an fichiú haois.

**NÓ**

Cuir tic le ceann **amháin** de na grúpaí seo agus mínigh an bhaint a bhí acu le hÉirí Amach na Cásca.

*Cumann na mBan* ☐ *Óglaigh na hÉireann* ☐ *Cabhlach na Gearmáine* ☐

…………………………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………………………. (4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Taispeánann **Pictiúr C** cárta poist ó 1912 a cháineann an feachtas chun an vóta a thabhairt do mhná.*

(i) De réir an chárta poist, an dteastaíonn an vóta ó mhná?

…………………………………………………………………………………………………………………. (3)

(ii) Cén cineál mná a bhfuil an marc X uirthi?

…………………………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………………………. (4)

(iii) Ainmnigh ceannaire tábhachtach polaitíochta, as lasmuigh d'Éirinn, ó 1920 i leith agus an tír a raibh baint aige/aici léi.

Ceannaire: …………………………………………… Tír: …………………………………………… (4)

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar na doiciméid, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Cuntas ar éalú an phríosúnaigh Linda Kearns as Príosún Mhuinseo in 1921.*

(i) Cad a d'eagraigh Linda do thráthnóna an éalaithe?

……………………………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Cén fáth a raibh na gardaí ar a suaimhneas?

……………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén ról a bhí ag Eileen McGrane san éalú?

………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………… (3)

(iv) Ainmnigh deacracht **amháin** a bhí roimh na príosúnaigh agus iad ag éalú.

……………………………………………………………………………………………………………… (3)

(v) Ainmnigh príosúnach **amháin** eile a d'éalaigh in éineacht le Linda.

……………………………………………………………………………………………………………… (3)

(vi) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo ón staidéar a rinne tú ar an stair agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Músaem* ☐ *Claontacht* ☐ *Foinse thánaisteach* ☐

………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………… (4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Cuntas ar shaoire i gCiarraí in 1933.*

(i) Cén áit ónar thosaigh siad a dturas?

.................................................................................................................(2)

(ii) Cén caitheamh aimsire a bhí ag Sinéad?

.................................................................................................................(2)

(iii) Cé a d'iompair a gcuid bagáiste go dtí an Ghráig?

.................................................................................................................(3)

(iv) Cén fáth a ndearna siad an oiread sin gáire ar an turas i gcúl an leoraí?

.................................................................................................................

.................................................................................................................(3)

(v) Tabhair **dhá** phíosa fianaise a thugann le tuiscint go raibh sé deacair taisteal in Éirinn ag an am sin.

.................................................................................................................

.................................................................................................................(4)

(vi) Luaigh bealach **amháin** inar athraigh saol na tuaithe in Éirinn ó thart ar 1950 i leith.

**NÓ**

Cuir tic le ceann **amháin** de na hainmneacha seo agus tabhair fíric shuntasach amháin faoina shaol.

*Pádraic Mac Piarais* ☐ *Micheál Ó Coileáin* ☐ *Éamon de Valera* ☐

.................................................................................................................

.................................................................................................................(4)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc gach ceist.

(i) Cé acu dáta is déanaí, 36 AD nó 38 RCh?

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(ii) Cad dó a seasann na litreacha RCh sa bhliain 54 RCh?

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(iii) Cén fáth a raibh na haibhneacha chomh tábhachtach sin do na chéad lonnaitheoirí in Éirinn?

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(iv) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo ó Éirinn anallód agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Breochloch* ☐ *Dolmain* ☐ *Fulacht fia* ☐

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(v) Mínigh difríocht **amháin** idir fiagaithe-cnuasaitheoirí agus feirmeoirí.

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(vi) Seachas bia agus bainne, cén fáth a raibh eallach chomh tábhachtach sin in Éirinn le linn thréimhse na gCeilteach?

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(vii) Cad ba *dhraoi* ann in Éirinn in aimsir na gCeilteach?

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(viii) Cén ról a bhí ag *ab* i mainistir?

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(ix) Cén fáth a raibh an saol laethúil deacair do mhanach i mainistir?

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(x) Cén fáth a raibh sé deacair caisleán meánaoiseach a ghabháil?

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………(6)

(xi) Cad ba ridire ann le linn na Meánaoiseanna?

……………………………………………………………………………………………………………………(6)

(xii) Ainmnigh dealbhóir **amháin** ón Athbheochan **agus** saothar amháin a luaitear leis/léi:

Dealbhóir: ………………………………… Saothar: ……………………………………………………(6)

(xiii) Ainmnigh péintéir **amháin** ón Athbheochan **agus** saothar amháin a luaitear leis/léi:

Péintéir: …………………………………… Saothar: ……………………………………………………(6)

(xiv) Ainmnigh difríocht **amháin** a bhí idir prionsabail chreidimh na gCaitliceach agus prionsabail chreidimh na bProtastúnach le linn an Reifirméisin.

……………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………(6)

(xv) Chuidigh an clóphreas le tuairimí Protastúnacha a scaipeadh. Cén fáth arbh amhlaidh a bhí?

……………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………(6)

(xvi) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo ó *Thréimhse na Réabhlóidí* (1770-1815) agus mínigh é:

*An Sléacht i mBostún* ☐ *Bastille* ☐ *Na hÉireannaigh Aontaithe* ☐

……………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………(6)

(xvii) Cuir tic le duine **amháin** de na ceannairí seo ó *Thréimhse na Réabhlóidí* agus mínigh an tábhacht a bhain leis:

*George Washington* ☐ *Louis XVI* ☐ *Wolfe Tone* ☐

……………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………(6)

(xviii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo ón Réabhlóid Talmhaíochta agus mínigh é:

*Pórú roghnaitheach* ☐ *Síoladóir* ☐ *Uainíocht na mbarr* ☐

……………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………(6)

(xix) Cén fáth a raibh an saol deacair ag páistí sa Bhreatain le linn na Réabhlóide Tionsclaíche?

……………………………………………………………………………………………………………………

. ……………………………………………………………………………………………………………………(6)

(xx) Ón staidéar a rinne tú ar an stair, mínigh an chiall atá le *Cumannachas*.

……………………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………………(6)

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a bhfuil cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa a ainmníonn tú lasmuigh d'Éirinn.**

LEIDEANNA:
* Creideamh agus Déithe
* Sochraidí agus adhlacthaí
* Saol an ghnáthdhuine
* Siamsaíocht

(25)

(ii) **Duine a chónaigh i mBaile Mór le linn na Meánaoiseanna.**

LEIDEANNA:
* Contúirtí
* Creideamh
* Siamsaíocht
* Obair

(25)

(iii) **Taiscéalaí a ainmníonn tú le linn Ré na Taiscéalaíochta, c. 1500.**

LEIDEANNA:
* Cúiseanna le taisteal
* An saol ar bord loinge
* Críocha nua ar tugadh cuairt orthu
* Tionchar an turais farraige

(25)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a bhfuil cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a fuair talamh in Éirinn le linn na bPlandálacha, c.1550-1660.**

LEIDEANNA:
* An áit agus an fáth a bhfuair tú an talamh
* Cúiseanna leis an bplandáil
* Meonta i leith na nGael
* Torthaí na plandála

(25)

(ii) **Duine a chónaigh in Éirinn le linn an Ghorta Mhóir.**

LEIDEANNA:
* Cúiseanna leis an nGorta
* Iarrachtaí chun cuidiú leis na bochtáin
* Galair
* Torthaí an Ghorta

(25)

(iii) **Duine (lasmuigh d'Éirinn) a bhí páirteach i mórimeacht idirnáisiúnta ó 1920 i leith.**

LEIDEANNA:
* Cúiseanna leis an imeacht
* Deacrachtaí a bhain le spriocanna a bhaint amach
* Tuairimí na gceannairí
* Torthaí

(25)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A1**




Foinse: http://www.warmingtonheritage.com/warmington-archaeology/meet-the-archaelogist/

**PICTIÚR A2**



Foinse: www.alamy.com/stock-photo-archaeologist-at-work-on-churchyard-dig-beauvais-northern-france

**PICTIÚR B**




WEST BRITAIN=

AN BHREATAIN THIAR

Foinse: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:1913-Seachtain-na-Gaeilge-poster.png

**PICTIÚR C**




NÍL VÓTAÍ UAINN. BUÍOCHAS LIBH.

VOTES=VÓTAÍ

THE APPEAL OF WOMANHOOD =

ACHAINÍ NA MBAN

Foinse: http://www.museumoflondonimages.com/image_details/php?image_id=211412&wherefrom=keywordsresults

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

*Cuntas ar éalú as Príosún Mhuinseo in 1921 le Linda Kearns*

Idir a sé agus a seacht a chlog tráthnóna, tugadh saoirse dúinn sa phasáiste agus d'eagraigh mise cluiche peile don tráthnóna a raibh sé beartaithe againn éalú. Bhí sé faighte amach cheana féin agam go mbeadh na gardaí ar a suaimhneas dá mbeadh neart torainn á dhéanamh againn. Le linn dúinn a bheith ag imirt peile an tráthnóna sin, bhrúmar an liathróid a bhí againn síos i dtreo an dorais. Gheall Eileen McGrane go leanfadh sí uirthi ag déanamh torainn. D'oscail mé an doras go ciúin, shleamhnaigh an ceathrar againn amach agus ritheamar i dtreo spota ar leith ar an mballa.

Chuamar i bhfolach i ndoras na neachtlainne nó go raibh an fairtheoir a bhí ar dualgas imithe go dtí an taobh eile dá chamchuairt. Bhí solas rothlach ar na mballa agus é ag scairteadh anois is arís agus d'éirigh linn é sin a sheachaint freisin.

Caitheadh corda láidir a raibh píosa luaidhe ceangailte de chugamsa ón taobh amuigh den bhalla. Ghlaoigh mé ar an triúr eile agus thosaíomar ag tarraingt. Ar an drochuair, bhí an dréimire a bhí ceangailte den chorda ar an taobh eile róthrom agus thit an rud ar fad siar ar an taobh eile.

Ritheamar ar fad ar ais chuig doras na neachtlainne agus d'fhanamar go raibh an fairtheoir imithe thar bráid arís. Chuaigh mé ar ais chuig an mballa arís agus chaith mé cloch eile thairis. Fuair mé an corda ar ais arís, agus tharraingíomar go léir go cúramach. An uair seo d'éirigh linn.

Bhí sé aontaithe cheana féin againn go bhfágfaimis de réir fhad na pianbhreithe a cuireadh orainn. Ó tharla gur cuireadh deich mbliana ormsa, is mise a chuaigh in airde ar dtús; ba í Iníon de Búrca, a raibh trí bliana á gcur isteach aici an chéad duine eile, ansin Iníon Nic Eochaidh agus ar deireadh Iníon Nic Giolla Chomhaill, nach raibh ach ocht mí dhéag le cur isteach aici.

*Curtha in oiriúint as Linda McWhinney (Kearns), Ráiteas Finné 404, Biúró na Staire Míleata.*

### DOICIMÉAD 2

*Cuntas ar shaoire i gCiarraí in 1933*

Ag tús mhí Iúil 1933 thugamar aghaidh ar an nGráig. Turas ba dhual a choinneáil i gcuimhne a bhí ann. I dtús báire, thóg sé trí uair an chloig ar an traein taisteal ó Chorcaigh go Trá Lí. Ansin leanamar ar aghaidh ar an traein bheag as Trá Lí go dtí an Daingean. Thóg an turas go dtí an Daingean trí uair an chloig eile, cé nach raibh sé ach tríocha míle uainn.

Ba í an taoide ard ag sráidbhaile Chathair Uí Mhóráin ba chúis leis an moill fhada, áit ar tháinig an sáile thar na ráillí agus coinníodh moill uair an chloig orainn. Ba mhinic é sin ag tarlú. Thuirling na paisinéirí go léir agus shuigh siad ar an gclaí ag fanacht.

Thóg Sinéad, ar ghrianghrafadóir amaitéarach í, amach a ceamara agus ghlac sí pictiúr den inneall agus a aghaidh ar an bhfarraige agus sheol sí chuig an *Irish Independent* é. Phriontáil siad ar an bpointe é agus sheol siad deich scillinge chuici, rud nach raibh súil aici leis.

Shroicheamar stáisiún traenach an Daingin, tar éis dúinn stopadh go minic chun paisinéirí a phiocadh suas, agus uaireanta bhíodh ainmhithe beaga acu siúd. Bhí Tomás Ó Cíobháin ag fanacht ansin lena chapall agus a charr chun ár gcuid bagáiste a iompar go dtí an nGráig.

Thaistilíomar aon mhíle dhéag eile ar leoraí, Aintín Máire ina suí chun tosaigh leis an tiománaí agus an chuid eile againn i gcúl an leoraí. Nuair a bheimis ag dul suas in aghaidh aird thitfimis siar agus sinn sna tríthe gáire. Faoi dheireadh shroicheamar ár dteachín agus bhí Tomás ansin romhainn lenár mbagáiste go léir.

*Bunaithe ar chuntas in Máire MacSwiney Brugha,* History's Daughter *(Baile Átha Cliath, 2005), lgh. 127-9.*